Eanáir 2007

inou

Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe

# Bíodh do Chearta Leasa ar eolas agat

## An t-eolas atá de dhíth ort agus tú dífhostaithe

Tá an córas Leasa Shóisialaigh in ann daoine a chur amú nuair atá siad tar éis a bpost a chailleadh. Bun-treoir atá anseo ar an méid a chaithfidh a bheith ar eolas agat agus a chaithfidh tú a dhéanamh de bharr a bheith dífhostaithe.

## Réamheolas faoi Leas Sóisialach

Má chailleann tú do phost, ba cheart duit dul i dteagmháil láithreach le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil, áit ar féidir leat iarratas a dhéanamh le haghaidh Sochar an Chuardaitheora Oibre (JB) nó Liúntas an Chuardaitheora Oibre (JA). Tá sé seo thar a bheith tábhachtach mar go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar aon mhoill i ndéanamh d'éileamh go gcaillfear d'íocaíocht. Tá seoladh d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil le fáil sna leathanaigh ghlasa den eolaire teileafóin. Is iad Sochar an Chuardaitheora Oibre (JB) agus Liúntas an Chuardaitheora Oibre (JA) an dá phríomhíocaíocht dífhostaíochta. I gcás an dá íocaíochta, ní mór duit a bheith:

- I do chónaí i bPoblacht na hÉireann
- Faoi bhun 66, agus 16 nó níos sine chun go mbeifeá i dteideal Sochar an Chuardaitheora Oibre agus 18 nó níos sine chun go mbeifeá i dteideal Liúntas an Chuardaitheora Oibre.
- Dífhostaithe ar feadh 3 lá ar a laghad as aon 6 lá leantach
- Ar Fáil do, in Ann do agus ag Déanamh Fíoriarracht Obair Lánaimseartha a fháil

## Ar Fáil do, in Ann do agus ag Déanamh Fíoriarracht Obair Lánaimseartha a fháil

Chun go mbeidh tú cáilithe do, agus go leanfaidh tú ag fáil, JA nó JB, ní mór duit a bheith ag iarraidh obair lánaimseartha a fháil, agus ar fáil chun glacadh léi. Is éard is brí le Déanamh Fíoriarracht Obair Lánaimseartha a fháil sa reachtaíocht ná gur mór duit a bheith toilteanach glacadh le haon tairiscint réasúnta fostaíochta agus/nó oiliúna. Ba cheart d'aon tairiscint réasúnta fostaíochta a bheith, ar dtús, feiliúnach do do chuid scileanna, cáilíochtaí agus taithí (féach ar an Seicliosta freisin atá ar an leathanach ar chúl).

Téigh i dteagmháil leis an INOU nó le d'ionad áitiúil acmhainní má cheapann tú go bhfuil leatrom á imirt ort

## Sochar an Chuardaitheora Oibre (JB)

Tá do theidlíocht do JB bunaithe ar an líon ranníocaíochtaí ÁSPC ábhartha atá íoctha agat nó atá curtha chun sochair agat (stampaí a thugtaí orthu seo). Is féidir ranníocaíochtaí ÁSPC a íoc (nuair atá tú ag obair) nó a chur chun sochair (nuair atá tú ag síniú ar an mbeochlár).

**Tá tú i dteideal Sochar an Chuardaitheora Oibre (JB) a fháil má tá:**

- Caillteanas substaintiúil fostaíochta agat de lá amháin ar a laghad agus caillteanas ioncaim
- 52 seachtain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha agat ó thosaigh tú ag obair

**agus**

- 39 seachtain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha nó curtha chun sochair agat sa Bhliain Cánach Ábhartha*

**nó**

- 26 seachtain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha sa Bhliain Cánach Ábhartha*

**agus**

- 26 seachtain ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha sa Bhliain Cánach roimh an mBliain Cánach Ábhartha*

▷ D'fhéadfá cáiliú arís do Shochar an Chuardaitheora Oibre (JB) má tá 13 ranníocaíocht íoctha agat ó chríochnaigh d'éileamh JB roimhe sin.

Beidh an méid a fhaigheann tú ar JB bunaithe ar d'oll-tuilleamh seachtainiúil ar an meán. Beidh tú i dteideal an ráta JB iomlán má bhí do thuarastal seachtainiúil sa bhliain cánach/ranníocaíochta* ábhartha €150 ar a laghad.

**Cinntítear an bhliain cánach/ranníocaíochta ábhartha ag do ranníocaíochtaí sa bhliain cánach dhá bhliain roimh an mbliain ina bhfuil tú ag déanamh d'éileamh ar íocaíochta dífhostaíochta, .i. chun éileamh a dhéanamh ar JB i 2007, is í an bhliain cánach/ranníocaíochta ábhartha ná 2005, agus cinntíonn an líon ranníocaíochtaí íoctha nó curtha chun sochair a rinne tú i 2005 do theidlíocht ar JB i 2007.*

## Ag Bailiú d'Íocaíochta

Déantar íocaíochtaí JB agus JA go seachtainiúil.
Féadfaidh tú rogha a dhéanamh d'íocaíocht a fháil trí:

- Oifig an Phoist
- Seic
- Íoctha isteach i do chuntas Bainc go díreach.

Má tá aon deacracht agat d'íocaíocht a fháil, téigh i dteagmháil leis an INOU nó le d'Ionad Áitiúil Acmhainní.

## – Uasrátaí Íocaíochta 2007 –

| | Sochar an Chuardaitheora Oibre | Liúntas an Chuardaitheora Oibre |
|---|---|---|
| Ráta Pearsanta | €185.80 | €185.80 |
| Ráta do Dhuine Fásta Cáilithe | €123.30 | €123.30 |
| Ráta do Gach Leanbh Cleithiúnach | € 22.00 | € 22.00 |
| Leath-Ráta do Gach Leanbh Cleithiúnach | € 11.00 | € 11.00 |

## Liúntas an Chuardaitheora Oibre (JA)

Mura bhfuil do dhóthain ranníocaíochtaí ÁSPC agat chun a bheith cáilithe d'íocaíocht JB, d'fhéadfá bheith i dteideal JA a fháil má:

- tá tú in ann tástáil maoine a shásamh
- tá tú in ann an riail maidir le Gnáth-Chónaitheacht a shásamh

### Tástáil Maoine

Nuair atá measúnú á dhéanamh ar éileamh, cuirtear san áireamh na nithe seo a leanas sa tástáil maoine:

- Ioncam i bhfoirm airgid tirim
- Maoin
- Caipiteal
- Sochar agus Pribhléid

Cuirfear d'ioncam i bhfoirm airgid thirim beagnach ina iomlán san áireamh. Tá roinnt eisceachtaí ann, lena n-áirítear Sochar Leanbh agus Forlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste. D'fhéadfá a bheith i dteideal roinnt áirithe airgid a dhéanamh ó fhostaíocht íoctha freisin sula mbeidh tionchar ar d'íocaíocht. Tugtar neamhaird ioncaim air seo. D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh sa tástáil maoine ar luach aon mhaoine, seachas do theach cónaithe féin, infheistíochtaí, coigilteas nó caipiteal. Measúnú ar an sochar ó bheith ag fanacht le tuismitheoirí é Sochar agus Pribhléid (ní áirítear leis seo iad siúd atá 25 bliain d'aois nó níos sine).

Beidh do theidlíocht ar íocaíocht JA ag brath ar d'acmhainn ioncaim. Beidh ráta seachtainiúil d'íocaíocht JA ag brath ar d'acmhainn freisin.

☛ Ba cheart duit taifead a choinneáil de ráitis bhainc nó chuntais mar go bhféadfadh siad seo a bheith ag teastáil

### Gnáth-Chónaitheacht – JA amháin

Go ginearálta, sásóidh iarratasóir an riail maidir le gnáthchónáitheacht má tá siad in Éirinn go dlíthiúil ar feadh dhá bhliain nó níos mó, má oibríonn siad in Éirinn agus má tá rún seasta aige/aici fanacht in Éirinn agus cónaí ann go buan. D'fhéadfadh sé seo a bheith faoi réir ag athrú. Chun an t-eolas is nuashonraithe a fháil, téigh i dteagmháil leis an INOU le do thoil.

Amhail mí na Samhna 2005, d'fhéadfadh saoránaigh an AE a bhí ag obair in Éirinn a bheith in ann íocaíocht Liúntas Forlíontach Leasa (SWA) a éileamh, mar aon le Forlíonadh Cíosa, mura bhfuil siad in ann na critéir maidir le Gnáth-Chónaitheacht a shásamh ar choinníoll go: ● raibh siad fostaithe in Éirinn, ● go bhfuil a bpost caillte acu agus go gcomhlíonann siad na coinníollacha cáilithe ábhartha eile do SWA. Ba cheart cinneadh a dhéanamh i ngach cás bunaithe ar a thuillteanas féin.

**Teagmháil:**

- Rannóg Chearta Leasa Shóisialaigh an INOU nó d'Ionad Áitiúil Acmhainní má tá aon fhiosrúchán agat maidir le cearta leasa sóisialaigh.

✆ Teileafón 01-856 0088.

✉ Seoladh Ríomhphoist: welfareinfo@inou.ie.

## Creidmheasanna nó Ranníocaíochtaí ÁSPC atá curtha chun sochair

Má tharlaíonn sé go bhfuil tú dífhostaithe, ba cheart duit cur isteach ar Chreidmheasanna má tá ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha agat i dtréimhse an dá bhliain roimhe sin. Is ranníocaíochtaí árachais sóisialta iad Creidmheasanna agus cuideoidh siad do theidlíochtaí árachais sóisialta a chosaint (Pinsin mar shampla) i rith tréimhsí nuair nach féidir leat ranníocaíochtaí íoctha a dhéanamh.

☛ D'fhéadfadh an-tábhacht a bheith ag Creidmheasanna ó thaobh a chinntiú go bhfuil tú i dteideal íocaíochtaí cosúil le pinsin.

Mura bhfuil ranníocaíochtaí ÁSPC agat i dtréimhse an dá bhliain roimhe sin, ní féidir leat cur isteach ar chreidmheasanna.

## Sochair Thánaisteacha

Is sochair iad Sochair Thánaisteacha a d'fhéadfá a bheith i dteideal dóibh de bharr JB nó JA a bheith á fháil agat.

Má tá tú ag fáil ceann amháin de Shochar/Liúntas an * Chuardaitheora Oibre, d'fhéadfá a bheith i dteideal:

### ☛ Ó d'Fheidhmeannacht Seirbhíse Sláinte áitiúil (HSE)

(an Bord Sláinte roimhe seo)

- Fordheontas cíosa/ús morgáiste
- Cárta Leighis/Cárta Cuairte don Dochtúir Amháin
- Íocaíocht Bhreise d'Éadaí agus Bróga nuair atá páistí ag dul ar ais ag an scoil
- Íocaíocht Bhreise d'Aiste Bia

### ☛ Ó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil

- Bónas na Nollag

  (Níl sé seo iníoctha má tá tú ag fáil JB nó JA ar feadh tréimhse níos lú ná 15 mí)
- Liúntas Breosla

  (Níl sé seo iníoctha má tá tú ag fáil JB nó JA ar feadh tréimhse níos lú ná 15 mí)
- Liúntas Breosla Neamhdheataigh

### ☛ Ó d'Údarás Áitiúil

- Cíos Difreálach
- Scéim Lóistín ar Cíos (RAS)

*Mhaoinigh an Crannchur Náisiúnta an foilseachán seo tríd an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.*

## Seicliosta ✔

### – Na rudaí atá le déanamh agat nuair atá tú dífhostaithe

✔ Déan iarratas ar JB nó JA i d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil chomh luath is a tharlaíonn sé go bhfuil tú dífhostaithe.

✔ Ba cheart duit clárú le FÁS. Beidh siad siúd in ann cúnamh a thabhairt duit agus tú ag cuardach poist.

✔ Mura bhfuil tú i dteideal JB nó JA a fháil, d'fhéadfá bheith i dteideal íocaíocht Liúntas Forlíontach Leasa (SWA) ón Oifigeach Leasa Pobail ag d'Ionad Sláinte áitiúil de chuid an HSE. D'fhéadfadh sé go mbaineann sé seo leat freisin mar oibrí de chuid an AE nach sásaíonn an riail maidir le Gnáth-Chónaitheacht.

Mura bhfuil tú i dteideal JB nó JA, ba cheart duit cur isteach ar chreidmheasanna ag d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil. Ní mór duit ranníocaíochtaí ÁSPC a bheith agat i dtréimhse an dá bhliain roimhe sin.

### – Na rudaí atá le déanamh agat nuair atá tú ag déanamh d'éileamh

✔ Mura bhfuil tú i dteideal JB, d'fhéadfá bheith i dteideal íocaíocht JA a bhfuil tástáil maoine ag dul léi

✔ Nuair atá tú ag déanamh d'éileamh, beidh ort cruthú aitheantais a thabhairt leat (Pas, Ceadúnas Tiomána nó Teastas Breithe) mar aon le cruthú seolaidh (bille tí cosúil le BSL, ráiteas ón mbanc nó cáipéis chánach).

✔ Beidh ort do P45 a thabhairt leat nó litir ó d'fhostóir ag tabhairt le fios an uair a chríochnaigh d'obair. D'fhéadfadh litir ó d'fhostóir ag míniú na fáthanna ar tháinig deireadh le do phost luas a chur le d'éileamh.

✔ Má tá tú ag cur isteach ar Shochar an Chuardaitheora Oibre, beidh ort do P60 a thabhairt leat freisin.

### – Do JB nó do JA a Choinneáil

Ní mór na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh chun JB nó JA a fháil (nó chun leanúint á fháil):

✔ Ní mór duit a bheith ag déanamh fíoriarracht obair lánaimseartha a fháil, agus a bheith ar fáil chun glacadh léi. Iarrfar ort cruthú go bhfuil tú ag déanamh iarracht post a fháil. Coinnigh taifead de gach litir a sheolann tú ag fostóir/a fhaigeann tú ó fhostóir, lena n-áirítear ríomhphoist, glaonna ar an nguthán, fógraí ó nuachtáin agus aon fhianaise eile go bhfuil tú ag cuardach poist.

✔ Ní mór duit an Roinn a chur ar an eolas (mar shampla, trí d'Oifigeach Leasa Shóisialaigh áitiúil) má thagann aon athrú ar do thosca. Má théann do thosca i ndonas, d'fhéadfá bheith i dteideal cúnamh breise a fháil..

**INOU, Teach Araby, 8 Sráid Richmond Thuaidh, Baile Átha Cliath 1.**

✆ 01-856 0088 ✉ welfareinfo@inou.ie

01-856 0090 web www.inou.ie

designed and printed by Printwell Co-operative